Alt

16-01-2017 - 19:24
Uimhir Thagartha: 20170109STO57511

Parlaimint na hEorpa

# Toghcháin: uachtarán agus leas-uachtaráin nua na Parlaiminte

**Toghfar uachtarán nua na Parlaiminte le linn an tseisiúin iomlánaigh an 17 Eanáir. Toghtar an t-uachtarán ar feadh téarma inathnuaite dhá bhliain go leith, is é sin leath shaolré Parlaiminte. Toghadh Martin Schulz ina uachtarán cúig bliana ó shin agus tá deireadh tagtha lena thréimhse oifige. Ach céard go díreach a dhéanann an t-uachtarán? Conas a thoghtar é nó í? Agus cé atá san iomaíocht an uair seo? An t-eolas ar fad le fáil anseo, agus is féidir na vótaí a leanúint beo ar an suíomh seo.**

Toghtar Parlaimint na hEorpa ar feadh tréimhse cúig bliana ach toghtar an t-uachtarán, na leas-uachtaráin, na caestóirí agus cathaoirligh na gcoistí ar feadh téarma inathnuaite dhá bhliain go leith; is é sin leath saolré na Parlaiminte.

Cuirfear tús le toghchán an uachtaráin ag 09.00, Am Lár na hEorpa, an 17 Eanáir. Déanfaidh na hiarrthóirí ar fad óráid agus ansin cuirfear tús leis an vótáil. Is é an tUachtarán reatha Martin Schulz a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an seisiún.

**Clár ama (Am Lár na hEorpa)**

- 09.00: Trí nóiméad ag gach iarrthóir chun óráid a dhéanamh, ansin cuirfear tús leis an gcéad bhallóid.
- thart ar 11.30: Fógrófar an toradh a bhí ag an gcéad bhallóid.
- thart ar 15.00: Fógrófar an toradh a bhí ag an dara ballóid.
- thart ar 19.00: Fógrófar an toradh a bhí ag an tríú ballóid.
- thart ar 21.00: Fógrófar an toradh a bhí ag an gceathrú ballóid.

**Conas na himeachtaí a leanúint?**

Craolfar na hóráidí agus na vótaí beo ar an suíomh seo agus ar leathanach Facebook na Parlaiminte. Beidh nuashonruithe ar fáil ar chuntas na Parlaiminte ar Twitter agus ar Snapchat chomh maith. Cuardaigh "europarl" ar Snapchat.

**Cé atá san iomaíocht?**

A mhéid a bhaineann le toghcháin an uachtaráin, ní fhéadann ach grúpa polaitiúil nó 38 feisire ar a laghad ainmniúchán a dhéanamh. Ag an bpointe seo, tá seachtar feisirí san iomaíocht. Seo hiad, in ord aibítre:

- Eleonora Forenza, An Chlé Aontaithe Eorpach/Ghlas Nordach (An Iodáil)
- Jean Lambert, Na Glasaigh/EFA (An Ríocht Aontaithe)
- Gianni Pittella, Sóisialaithe agus Daonlathaithe (An Iodáil)
- Laurenţiu Rebega, Eoraip na Náisiún agus na Saoirse (An Rómáin)
- Helga Stevens, Coimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (An Bheilg)
- Antonio Tajani, Páirtí an Phobail Eorpaigh (An Iodáil)
- Guy Verhofstadt, Liobrálaithe agus Daonlathaithe (An Bheilg).

Féadann feisirí eile dul san iomaíocht roimh an dara agus an tríú babhta den vótáil. Más rud é, tar éis trí bhallóid, nach bhfuil tromlach glan de na vótaí faighte ag aon iarrthóir, ní bheidh sa cheathrú ballóid ach an bheirt fheisirí a fuair an líon is airde vótaí sa tríú ballóid.

**Conas a thoghtar uachtarán na Parlaiminte?**

Cuirfear tús leis an toghchán ag 09.00, Am Lár na hEorpa, an 17 Eanáir. Déantar an t-uachtarán a thoghadh le ballóid rúnda. Déanann na feisirí marc a chur in aice le hainm an iarrthóra is fearr leo. Cuirtear na vótaí i mbosca ballóide agus déanann ochtar feisirí, arna roghnú trí chrannchur, na vótaí a chomhaireamh. Toghtar an t-iarrthóir a fhaigheann tromlach glan na vótaí (50% + 1) ina uachtarán. Ní chuirtear vótaí millte ná páipéir bhallóide bhána san áireamh sa chomhaireamh.

Más rud é nach bhfuil tromlach glan na vótaí faighte ag aon iarrthóir sa chéad bhallóid is féidir na hiarrthóirí céanna nó iarrthóirí nua a ainmniú don dara ballóid. Seoltar an dara ballóid faoi na coinníollacha céanna a bhí i gceist leis an gcéad bhallóid. Más gá, is féidir tríú ballóid a reáchtáil. Más rud é, tar éis trí bhallóid, nach bhfuil tromlach glan de na vótaí faighte ag aon iarrthóir, ní bheidh sa cheathrú ballóid ach an bheirt fheisirí a fuair an líon is airde vótaí sa tríú ballóid. I gcás comhionannais vótaí, dearbhófar gurb é nó í an t-iarrthóir is sine atá tofa.

**Céard a dhéanann uachtarán na Parlaiminte?**

Toghadh Martin Schulz ina uachtarán don chéad uair an 17 Eanáir 2012. Maoirsíonn an t-uachtarán obair ar fad na Parlaiminte agus a comh-chomhlachtaí (an Biúró agus Comhdháil na nUachtarán), chomh maith leis na díospóireachtaí sa suí iomlánach. Is é an t-uachtarán ionadaí na Parlaiminte i gcúrsaí dlí agus i ngach caidreamh seachtrach.

Ag tús gach cruinniú mullaigh de chuid na Comhairle Eorpaí leagann uachtarán Pharlaimint na hEorpa amach dearcadh agus imní na Parlaiminte maidir leis na míreanna ar an gclár oibre

agus ábhair eile. Tar éis don Pharlaimint buiséad an Aontais Eorpaigh a ghlacadh, síníonn an t-uachtarán é. Síníonn uachtarán na Parlaiminte agus uachtarán na Comhairle araon na hionstraimí reachtacha uile arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

**Céard faoi thoghchán na leas-uachtarán?**

Toghfar 14 leas-uachtarán an 18 Eanáir. Toghtar na leas-uachtaráin le ballóid rúnda faoin nós imeachta céanna atá ann do thoghadh an uachtaráin. Déantar na hiarrthóirí ar fad a thoghadh ar pháipéar ballóide aonair. Má éiríonn le hiarrthóirí tromlach glan na vótaí a bhaint amach sa chéad bhallóid dearbhaítear iad a bheith tofa in ord uimhriúil a gcuid vótaí.

I gcás ina bhfuil an líon iarrthóirí a thoghtar níos lú ná an líon suíochán atá le líonadh, seolfar an dara ballóid faoi na coinníollacha céanna chun na suíocháin atá fágtha a líonadh. I gcás ina bhfuil gá leis an tríú ballóid, is leor tromlach coibhneasta chun na suíocháin atá fágtha a líonadh. Mura n-ainmnítear ach 14 iarrthóir toghtar d'aon gháir iad agus tionóltar ballóid chun an t-ord tosaíochta a chinneadh.

**Cé hiad na caestóirí agus céard a dhéanann siad?**

Toghfar cúigear caestóirí an 18 Eanáir. Déanfar iad a thoghadh leis an nós imeachta céanna a bhaineann le toghchán na leas-uachtarán. Tá na caestóirí freagrach as ábhair riaracháin agus airgeadais a bhaineann go díreach leis na feisirí agus lena gcoinníollacha oibre.

**Agus céard faoi choistí na Parlaiminte?**

Toghtar comhaltaí na gcoistí i rith an chéad pháirtseisiúin tar éis atoghadh na Parlaiminte agus arís dhá bhliain go leith ina dhiaidh sin. Déanfar sin an 19 Eanáir. Tá 20 coiste agus dhá fhochoiste ag an bParlaimint, agus réimse beartais ar leith á láimhseáil ag gach ceann acu.


*Caith súil ar na grafaicí faisnéise ar dheis chun tuilleadh a fhoghlaim.*

## Tuilleadh eolais

Beoshruth
Rialacha nós imeachta
An Pharlaimint ar na meáin shóisialta




San iomaíocht sa chéad bhabhta tá Antonio Tajani, Gianni Pittella, Helga Stevens, Guy Verhofstadt, Eleonora Forenza, Jean Lambert agus Laurențiu Rebega




Caith súil ar an ngrafaic faisnéise thuas chun an t-eolas ar fad a aimsiú faoin bParlaimint




Toghfar uachtarán agus leas-uachtaráin nua na Parlaiminte an 17-18 Eanáir



**Ionadaíocht ar do shon: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa**
https://www.europarltv.europa.eu/en/programme/eu-affairs/representing-you-president-of-the-european-parliament



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu